# Líon na Bearnaí

## Sraith 15: Gaisce

### Pictiúr 1

Lá dár tháinig triúr daltaí sinsearacha ar scoil, beirt bhuachaillí agus cailín, chonaic siad fógra faoi GAISCE, __________ an Uachtaráin, a bhí curtha suas ag duine de na múinteoirí.  Tá pictiúr ar an bpóstaer a léiríonn bean aosta ina suí i gcathaoir ________ agus fear óg a raibh a lámh ar a gualainn ag cabhrú léi. Bean ab ea í a raibh lúth na gcos caillte aici, is dócha.

### Pictiúr 2

Chuaigh an _______ chuig an múinteoir a bhí  i bhfeighil an ________ agus dúirt siad go raibh suim acu triail a bhaint as GAISCE a thuilleamh. Bhí an múinteoir an-sásta. Múinteoir deas cneasta ab ea í sin, spéaclaí uirthi agus gruaig fhada .

### Pictiúr 3

De ghnáth bíonn ceithre chuid ag baint le Gradam an Uachtaráin : rannpháirtíocht sa phobal, scil ____________, áineas fisiciúil agus turas eachtraíochta. An chéad rud a bhí le déanamh acu ná scileanna nua a fhoghlaim ar nós gléas ceoil a fhoghlaim. Thosaigh duine acu ag foghlaim ceoil ar an ___________. Duine eile, chuaigh sí i mbun ____________ ríomhaireachta a fhoghlaim agus an triú duine – chuaigh sé ag a_____________. Ghlac sé páirt i ndráma.

### Pictiúr 4

Taispeántar an cailín ag cabhrú le bean aosta i dteach _________.  Ní raibh an bhean in ann siúl ach le maidí croise. Théadh an cailín seo ar ____________ go minic chun comhluadar a choinneáil le háitritheoirí an tí. Thug an fear óg cuairt ar __________ agus thug sé bronntanas dó.  Thaitin caint is comhrá faoin saol fadó leis an mbeirt acu.

### Pictiúr 5

Tá trí chuid sa phictiúr seo. Baineann siad le __________, agus le himeachtaí lúthchleasaíochta amuigh faoin aer. Chuir an cailín isteach ar rás trastíre.   Thaitin an __________ léi. Chuaigh duine de na buachaillí ag _________ ar na sléibhte. Chuaigh an duine eile ag ________ i linn snámha. Rinne siad go léir iarracht feabhas a chur ar a gcuradh-iarracht phearsanta féin.   Theastaigh uathu a sár-iarrachtaí pearsanta a fheabhsú.

### Pictiúr 6

Ar deireadh, ghlac an triúr acu páirt i _________ fhada. Feicimid iad nuair nach raibh le déanamh acu ach deich gciliméadar eile agus ar ndóigh ba mhór an méid é sin. Ach, caithfidh gur éirigh leo é a dhéanamh. Mar sa phictúr deireanach tá siad le feiceáil i gCaisleán Átha Cliath agus an tUachtarán féin ag _________ bonn créumha an duine

orthu. Caithfidh go raibh siad _________ astu féin mar gur chríochnaigh siad an clár dúshlánach a bhain leis an ngradam GAISCE a bhaint amach.